**Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(2023/C 138/08)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

DOICIMÉAD AONAIR

**"Cerdo de Teruel"**

**Uimh. AE: PGI-ES-2633 — 16.9.2020**

**STFC ( ) TGFC (X)**

1. **Ainm nó ainmneacha [STFC nó TGFC]**

"Cerdo de Teruel"

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an táirge bia**

3.1. *An cineál táirge*

Aicme 1.1. Feoil úr (agus scairteach)

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Úsáidtear an tásc geografach faoi chosaint "Cerdo de Teruel" chun muiceoil – i.e. feoil mhucúil – a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas a chur in iúl:

— feoil atá idir scoth-bhándearg agus dearg arna marmarú le saill ionmhatánach;

— feoil ar a bhfuil blas éadrom, agus í súmhar agus bog sa bhéal.

Is féidir an mhuiceoil a chur i láthair i mbunghearrthacha nó i ngearrthacha miondíola nó i bhfilléid.

Faightear muiceoil "Cerdo de Teruel" nuair a bhaintear an chos agus an ghualainn de chonablach na muice (is féidir "Jamón de Teruel" a dhéanamh as an gcos agus "Paleta de Teruel" as an ngualainn – is ionann na ceanglais maidir le conablaigh le haghaidh na dtáirgí STFC sin agus le haghaidh an TGFC seo).

Ní mór di teacht ó mhuca ag a bhfuil an géinitíopa seo a leanas: Lanrásach (cineál "caighdeánach") nó Mórmhuc Bhán – nó crosantaigh den dá chineál – mar líne na máthar agus Duroc mar líne an athar.

Ní mór na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh leis na conablaigh i ndiaidh an mharaithe:

— meáchan te 86 kg ar a laghad;

— tiús saille droma, arna thomhas sa réigiún lumbach ar aon líne le barr na coise, idir 16 mm agus 45 mm.

[1] IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

Tá réim bia na muc bunaithe ar ghránaigh go bunúsach agus tá céatadáin bhunaithe ann de na hamhábhair a chomhdhéanann a mbeatha: ní mór gurb ionann gránaigh agus 50 % ar a laghad, a mhéid is féidir, agus ní mór do na gránaigh sin teacht ón limistéar geografach sainithe.

Má chothaítear na muca as a dtagann an fheoil TGFC le beatha chumaisc, ní mór gur monaróirí atá lonnaithe laistigh den limistéar geografach nó sna cúigí máguaird a tháirg an bheatha chumaisc sin: Zaragoza, Guadalajara, Cuenca, Valencia, Castellón agus Tarragona.

Is gá an srian geografach sin ar shuíomh na monaróirí beatha toisc go n-úsáidtear na conablaigh mhuice chéanna a úsáidtear don TGFC seo chun liamhása STFC "Jamón de Teruel" / "Paleta de Teruel" a dhéanamh freisin. Is ionann na ceanglais don dá lipéad cáilíochta ag an gcéim seo den táirgeadh toisc gur féidir na codanna den chonablach nach gcumhdaítear leis an TGFC – na cosa agus na guaillí – a úsáid le haghaidh "Jamón de Teruel" (cosa) agus "Paleta de Teruel" (guaillí). Dá bhrí sin, rinneadh na ceanglais maidir le táirgeadh príomhúil a leagtar síos sa tsonraíocht táirge le haghaidh STFC "Jamón de Teruel" / "Paleta de Teruel" a mhacasamhlú sa tsonraíocht táirge le haghaidh STFC "Cerdo de Teruel".

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór dóibh tarlú sa limistéar geografach sainithe*

Déantar na céimeanna seo a leanas sa táirgeadh laistigh den limistéar geografach sainithe:

— Táirgeadh muc: tógáil agus ramhrú;

— Marú;

— An conablach a ghearradh chun na cosa agus na guaillí a bhaint

3.5. *Rialacha sonracha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Féadfar an táirge a ghearradh, a fhilléadú, a phacáistiú agus a lipéadú ag gléasraí próiseála feola atá cláraithe leis an gcomhlacht bainistíochta agus atá lonnaithe laistigh den limistéar geografach, nó ag bunaíochtaí lasmuigh den limistéar geografach faoi chomhaontuithe comhair arna síniú le hoibreoirí deimhnithe ach formheas a fháil roimh ré ón gcomhlacht bainistíochta.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Is féidir muiceoil TGFC "Cerdo de Teruel" a dhíol i mbunghearrthacha nó i ngearrthacha miondíola nó i bhfilléid.

Gach conablach, lúide na cosa agus na guaillí, arna sholáthar ag oibreoir cláraithe, ní mór é a shainaithint le lipéad atá sonrach don TGFC ar gach taobh, ar a mbeidh lógó sonrach an TGFC agus na focail *Indicación Geográfica Protegida Cerdo de Teruel* ["Tásc Geografach Faoi Chosaint Cerdo de Teruel"] nó *IGP Cerdo de Teruel* [TGFC "Cerdo de Teruel"].

Is féidir le hoibreoirí údaraithe amháin gearrthacha agus filléid a sheoladh (i.e. iad siúd atá údaraithe marcanna comhréireachta an TGFC a úsáid) agus ní féidir iad a sheoladh ach amháin go dtí go mbeidh siad lipéadaithe le lipéad deimhniúcháin uimhrithe ar a bhfuil ar a laghad lógó sonrach an TGFC agus na focail *Indicación Geográfica Protegida* [Tásc Geografach Faoi Chosaint] agus "Cerdo de Teruel". Ní mór an lipéad sin a ghreamú go díreach ar bhunghearrthacha agus é a chur i gceangal le pacáistíocht na ngearrthacha miondíola agus na bhfilléad.

## 4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is é Cúige Teruel an limistéar geografach ina dtáirgtear na muca (fás agus críochnú) agus ina maraítear iad agus ina ndéantar na cosa agus na guaillí a bhaint ó na conablaigh.

## 5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá clárú an táisc gheografaigh faoi chosaint seo bunaithe ar an gcáil atá tuillte ag an táirge.

Téann tagairtí doiciméadaithe do "Cerdo de Teruel" siar go fada toisc go bhfuil baint láidir stairiúil ag cúige Teruel le tógáil muc agus le táirgí muiceola mar fhoinse ioncaim do mhuintir na háite.

Cuirtear béim ar thábhacht na muice agus ar thábhacht na feirmeoireachta muc sa chúige i ndoiciméid éagsúla. Bunaíodh rialacha maidir le tógáil muc agus íocaíochtaí i gCairt Ríoga Teruel 1177, arna bronnadh ag Alfonso II (Castañé, J., 1991: *El Fuero de Teruel. Edición Crítica con introducción y traducción* ["Cairt Teruel. Eagrán criticiúil le réamhrá agus aistriúchán"]).

In *Historia de la Economía Política de Aragón* ["Stair Gheilleagar Polaitiúil Aragón"] (1978), scríobh an nádúraí, an dlí-eolaí agus an staraí Jordán de Asso: "is mór an tóir atá ar na muca a thógtar i ndúiche Albarracín as a sócamas".

Mar thoradh ar an mbaint áitiúil thraidisiúnta sin le tógáil beostoic, cláraíodh "Jamón de Teruel" mar shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint in 1984. Chuidigh sé sin le táirgeadh muc in Teruel a dhaingniú le himeacht ama, agus úsáid á baint as eolas ón am atá thart. Iarracht a bhí ann luach saothair a thabhairt d'iarrachtaí feirmeoirí coinsiasacha chun na córais táirgthe a chaomhnú, ar chórais iad a thug a n-ainm do na táirgí ina dhiaidh sin, agus tosaíodh leis na táirgí feola leasaithe ("Jamón de Teruel" agus "Paleta de Teruel"), agus anois táthar ag bogadh ar aghaidh go dtí an chuid eile den fheoil úr a fhaightear ar chonablach.

Tá tionchar díreach ag an gcomhdhlúthú sin a rinneadh ar an ngníomhaíocht tógála muc agus ag an bhfíoras go ndéanann comhlachtaí deimhniúcháin faireachán ar an ngníomhaíocht sin ar chonablaigh na muc. Ós rud é go dtagann sí ó mhuca atá faoi réir roghnú géiniteach, leis an réim bia ghránachbhunaithe lena gcothaítear iad agus leis an am ramhraithe (chun go mbeidh meáchan conablaigh 86 kg ar a laghad ann), tá cáil ag an bhfeoil úr anois mar tháirge ag a bhfuil breisluach, rud a thugann aitheantas cuí do na tosca daonna go háirithe: pórú, réim bia agus tógáil.

Is í an ghéineolaíocht an chéad cheann de na tosca sin: leis an bpróiseas crosphóraithe ráthaítear go mbeidh muc "Cerdo de Teruel" 50 % Duroc (taobh an athar) agus 50 % Mórmhuc Bhán, Lanrásach nó crosantach den dá cheann (taobh na máthar) i gcónaí, agus leis na pórtha sin, nuair a dhéantar iad a chrosphórú mar ba cheart, tairgtear feoil úr ag a bhfuil leibhéal ard marmaraithe le saill ionmhatánach (Garitano, I. et al., 2013).

Is é an dara ceann an cinneadh réim bia ghránachbhunaithe a thabhairt do na muca (50 % gránaigh ar a laghad) ar feadh na tréimhse fáis ina hiomláine – agus ní hamháin ag na tráthanna den bhliain a bhíonn amhábhair áirithe ar fáil - rud atá fabhrach d'fhás níos céimsí. Mar shampla, maítear i staidéir freisin go bhféadfaí an cion aigéid shailligh sa tsaill ionmhatánach a mhéadú ach muca a chothú le réim bia nach bhfuil inti ach eorna ghráinithe ag an gcéim chríochnaitheora (Daza, A. et al., 2010b) agus léirítear sna staidéir sin (Daza, A. et al., 2012 agus Garitano, I. et al., 2012) go mbíonn tionchar ag an réim bia sin freisin ar pharaiméadair áirithe a bhaineann le cáilíocht na feola, amhail an dath agus an toilleadh coinneála uisce.

Is é an tríú cúis an bealach a dtógtar na muca chun beomheáchain 110-140 kg a bhaint amach tráth a maraithe, beomheáchain níos mó ná an caighdeán tráchtála 85-100 kg, chun a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais a bunaíodh don TGFC seo leis na conablaigh theo agus go mbíonn an fheoil marmaraithe le saill. Ina theannta sin, is amhlaidh go bhfuil na seamlais agus na feirmeacha lonnaithe gar dá chéile, rud a laghdaíonn amanna iompair agus dá bhrí sin an strus a chuirtear ar na muca roimh a marú freisin, rud atá fabhrach don fhordhath idir bándearg agus dearg a bhíonn ar fheoil "Cerdo de Teruel" lenar féidir idirdhealú soiléir a dhéanamh idir í agus muiceoil eile a bhíonn níos trua agus níos éadroime.

Dá bhrí sin, le cur i bhfeidhm leantach na dtrí mhodh fhoghlamtha sin is féidir an cineál feola a mbíonn cosaint á lorg ina leith a tháirgeadh, mar a thuairiscítear i bpointe 3.2, feoil arb iad an dathú agus an marmarú saille is saintréithe di.

Tacaíonn na húdaráis phoiblí le haitheantas "Cerdo de Teruel". Idir 2004 agus 2010, chistigh Comhairle Cúige Teruel taighde ar fheabhsú agus ar bharrfheabhsú na gcóras táirgthe le haghaidh muca a gcumhdaítear a bhfeoil leis an TGFC seo faoi chomhaontú comhpháirtíochta arna shíniú freisin ag Cumann Thionscal Agraibhia Teruel agus ag an mBord Rialála le haghaidh STFC "Jamón de. Teruel" / "Paleta de Teruel".

Déantar scrúdú i dtionscadail eile ar éifeachtaí tosca éagsúla, amhail coilleadh, cothú agus an ghéineolaíocht ar shaintréithe conablach. Tagtar ar an gconclúid sna tionscadail taighde sin go bhfuil borraí agus céiseanna araon oiriúnach le haghaidh feoil úr (Latorre et al, 2009a), go bhfuil tionchar ag réim bia ghránachbhunaithe ar an tsaill ar chonablaigh (Daza, A. et al., 2010b), agus go mbaineann tionchar dearfach le Duroc a úsáid mar líne an athar ar thorthaí táirgeachta, rud a thugann méadú beag ar chumhdach saille conablaigh (Garitano, I. et al., 2013).

Spreag stair "Cerdo de Teruel" agus an tábhacht a bhaineann léi ar an margadh taighde ar shaintréithe sainiúla na muiceola freisin: tá Dámh na Tréidliachta de chuid Ollscoil Zaragoza ag fiosrú na saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha a bhaineann le gearrthacha áirithe muiceola (an luan agus an luan bog agus na gearrthacha ar a dtugtar sa Spáinn *secreto* [ó chúl alt na gualainne] agus *presa* [thíos laistigh den ghualainn]) ó mhuca a bhfuil na saintréithe is gá acu don TGFC seo (*Saintréithe fisiciceimiceacha matán ó mhuca atá ceaptha le haghaidh liamhás tirimleasaithe ó Teruel (an Spáinn)*, Calvo et al, 2011). Ina cuid taighde cuireann an Dr Virginia Resconi i dtábhacht luach cothaitheach mhuiceoil "Cerdo de Teruel" ó mhuca a thógtar agus a chothaítear ar bhealach áirithe (mar a tuairiscíodh ar an suíomh gréasáin *Portal Veterinario* in 2011 faoin gceannlíne *Luach cothaitheach mhuiceoil Teruel*).

Thairis sin, in 2015, an tAonad Teicneolaíochta um Tháirgeadh Beostoic (cuid de Lárionad Taighde agus Teicneolaíochta Agraibhia Aragón nó CITA de réir a acrainm Spáinnise), d'fhoilsigh sé torthaí tionscadail taighde dar teideal *Éifeacht na réime bia, an phacáistithe agus an ama nochta ar mheasúnú amhairc agus an rún muiceoil TGFC* "Cerdo de Teruel" a cheannach (Panea, B. et al, 2015). Is díol suntais i measc chonclúidí an taighde seo an toradh go bhfuair an grúpa cóimheasa – muiceoil "Cerdo de Teruel" ó mhuca a cothaíodh lena ngnáthréim bia – scór níos airde ná na grúpaí eile, inar tugadh cineálacha éagsúla beatha do na hainmhithe.

In 2016 rinne taighdeoirí CITA tionscadal, faoi chuimsiú Chiste Infheistíochta Teruel, dar teideal *Roghanna malartacha maidir le bainistíocht sláinte, táirgeadh agus margú le haghaidh mhuiceoil "Cerdo de Teruel": togra le haghaidh inbhuanaitheachta* (Panea, B. et al., 2016).

Rinneadh tuilleadh taighde le rannpháirtíocht ó CITA ó shin agus cuireadh i láthair é do chláir arna gcómhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa: *Ispíní sláintiúla déanta as muiceoil ó Teruel: Cion laghdaithe saille sáithithe agus salainn* (Panea, B. et al., 2019).

Tá "Cerdo de Teruel" le feiceáil freisin i bhfoilseacháin atá de chineál atá sách difriúil, agus tá lucht léitheoireachta mór agus aitheantas forleathan ann, is é sin an litríocht. Sampla amháin ar leith is ea caibidil den úrscéal *Animales urbanos* [Ainmhithe Uirbeacha] (Leiz, K. 2018) dar teideal *Del cerdo de Teruel y del amor* [Maidir le "Cerdo de Teruel" agus leis an nGrá].

In éineacht leis an traidisiún agus na foilseacháin eolaíochta agus faisnéise a thacaíonn léi, léirítear an cháil atá ar "Cerdo de Teruel" tuilleadh leis an aitheantas atá ann di ar an margadh. Is é "Cerdo de Teruel" an t-ainm a úsáideann táirgeoirí agus díoltóirí chun tagairt a dhéanamh don fheoil seo a bhfuil an-tóir uirthi, agus tá sé in úsáid go forleathan ar an margadh agus i hipearmhargaí agus siopaí búistéirí ar fud na Spáinne.

Tá miasa a dhéantar le "Cerdo de Teruel" le feiceáil i gcónaí ar bhiachláir ar fud na tíre freisin.

Thairis sin, is féidir oidis ina n-úsáidtear "Cerdo de Teruel" a fháil ar ardáin dhigiteacha chlúiteacha. Sampla amháin is ea oideas le haghaidh *luan bog mhuiceoil "Cerdo de Teruel" le prúnaí agus cnónna péine* ó *El Gran Libro de la Cocina Aragonesa* [Leabhar Mór Bhia Aragón] (Aneto Publicaciones, SL, 2011), arna phostáil i roinn an bhia agus na ndeochanna de RedAragón, tairseach idirlín le haghaidh réigiún Aragón. Tá oidis roinnte ag cócairí freisin amhail *Secreto mhuiceoil "Cerdo de Teruel" le hanlann ubhthoraidh agus seacláide báine* (ar shuíomh gréasáin ar a gcuirtear bia Aragón chun cinn darb ainm *Comparte el Secreto*. *Aragón, alimentos nobles* [Roinn an Rún: Aragón, miasa uaisle]) agus *leicne mhuiceoil "Cerdo de Teruel" faoi anáil Altamiras* [tagairt don bhráthair agus don chócaire ón 18ú céad Juan Altamiras atá i gceist le "faoi anáil Altamiras"] (roinn an bhia agus na ndeochanna den nuachtán Heraldo).

Déantar trácht ar a fheabhas atá "Cerdo de Teruel" sna meáin freisin:

— *Mar thoradh ar dhea-cháilíocht na réime bia lena gcothaítear na muca a úsáidtear chun Sonrúchán Tionscnaimh "Jamón de Teruel" a tháirgeadh, ní hamháin go mbíonn liamhása den scoth ann ach bíonn feoil úr ardcháilíochta ann freisin, ar a mbíonn dath bándearg dorcha, blas éadrom agus a bhíonn bog agus an-súmhar ó thaobh na raimhre de* (2011, Indisa; 2014, *A la carta para dos*, [Dinnéar beirte *à la carte*]);

— *Cáilíocht, táirgeadh agus margú mhuiceoil Teruel (2016, "Aragón hoy"* ["Aragón inniu"]).

A bhuí leis an gcáil uasal atá ar "Cerdo de Teruel", is mór an aird atá tugtha uirthi i roinnt mhaith imeachtaí i gcaitheamh na mblianta.

Is minic a bhí ról mór ag "Cerdo de Teruel" i gcomórtas cócaireachta *Teruel Gusto Mudéjar* [blasanna Mudéjar], a bhíonn ar siúl ó bhí 2006 ann agus a mbíonn comórtas náisiúnta ina ndírítear ar chócaireacht "faoi bhlas Mudéjar" mar phríomhghníomhaíocht ann. Ba é *"Cerdo de Teruel" - prátaí Cella stuáilte le strufal dubh Périgord (Tuber melanosporum)* an t-oideas ar tugadh dúshlán do chócairí gairmiúla agus do na réaltaí atá ag teacht chun cinn sa ghastranómachas athléiriú a dhéanamh ina leith ag an séú eagrán den imeacht cócaireachta sin.

In 2012 reáchtáladh an chéad eagrán de *Jornada Gastronómica de Cerdo de Teruel*, féile a bhain le "Cerdo de Teruel" ina raibh níos mó ná 40 bunaíocht i gcúige Teruel páirteach. Ba é mana an imeachta *Amharc nua ar an muiceoil. Bealaí eile le taitneamh a bhaint as an turas agus níos mó….*

In 2020, bhí "Cerdo de Teruel" páirteach san aonach idirnáisiúnta "Madrid Fusión" mar scéim cáilíochta: *Muiceoil "Cerdo de Teruel" ag aonach bia agus deochanna Madrid Fusión* (nuachtán *La Comarca*).

Mar gheall air seo ar fad – agus go háirithe an fonn chun táirge a bhfuil baint láidir áitiúil aige a chosaint – bhunaigh na táirgeoirí Cumann Táirgeoirí "Cerdo de Teruel" d'fhonn cáil an táirge a chosaint, a áirithiú go gcuirtear tomhaltóirí ar an eolas go cuí agus táirgeadh mhuiceoil "Cerdo de Teruel" a bhainistiú.

An tábhacht a bhaineann le táirgeadh “Cerdo de Teruel” don cheantar áitiúil, tiomantas na n-údarás chun traidisiúin agus cleachtais feirmeoireachta a chosaint, an obair a dhéanann taighdeoirí ar an táirge seo, tiomantas na dtáirgeoirí chun táirgí ardchaighdeáin a fháil agus an cháil tráchtála atá ar an táirge, a bhuí leis an méid sin ar fad, is féidir “Cerdo de Teruel” a mhargú mar fheoil bhreisluacha, ag cosaint leasanna táirgeoirí trí aitheantas a aimsiú dá dtáirgí.

Leis an aitheantas sin chun an t-ainm a chosaint –“Cerdo de Teruel” – beifear in ann an cháil atá air ar an margadh a chosaint, rud a chaomhnóidh na critéir tháirgeachta a thugann a saintréithe sonracha don mhuiceoil, ag cur ar a gcumas do thomhaltóirí an táirge a shainaithint go soiléir agus rialú a ráthú.

**Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta**

https://www.aragon.es/-/indicacion-geografica-protegida-cerdo-teruel

(faoin gceannteideal *Propuesta del Documento Único y del Pliego de condiciones* [Dréacht-doiciméad aonair agus sonraíocht táirge] agus ansin Fecha: Junio de 2022 [dáta: Nollaig 2022]).